An Garda Síochána

Bileog Eolais

Comhchoistí Póilíneachta

Acht an Gharda Síochána, 2005
Tá réimse leathan forálacha in Acht an Gharda Síochána 2005 a bhfuil tionchar acu ar an mbealach atá seirbhísí póilíneachta á seachadadh sa Stát. Déanann alt 35 den Acht foraíl do Chomhchoistí Póilíneachta a bhunú.

Comhchoistí Póilíneachta a bhunú
Soláthraíonn an tAcht do Chomhchoistí Póilíneachta a bhunú i ngach ceann de na 114 ceantair riaracháin de chuid na nÚdaráis Áitiúla. Tá oibriú na gcoistí seo á rialú ag treoirlínte agus ag cód cleachtais a eisíodh ar an 24ú Meán Fómhair, 2008.

Cad iad Comhchoistí Póilíneachta (CP)
Oibróidh na Comhchoistí Póilíneachta ar mhodh a thugann deis chun comhliúchán níos mó, comhoibriú agus cuntasacht idir An Garda Síochána, na hÚdaráis Áitiúla agus ionadaithe áitiúla tofa a fhorbairt, le comhpháirtíocht na hearnála phobail agus dheonach, ar bhainistiú saincheisteanna póilíneachta agus coireachta.

Ballraíocht ar Chomhchoistí Póilíneachta
Tá gach CP comhdhéanta de:

(a) Cathaoirleach – ionadaí de chuid an Údaráis Áitiúla.
(b) Oifigigh Garda atá ainmnithe ag an gCoimisinéir.
(c) Ionadaithe de chuid an Údárais Áitiúla.
(d) Baill den Oireachtas don cheantar.
(e) Ionadaithe ón earnáil Phobail/Dheonach.

Feidhmeanna Chomhchoistí Póilíneachta
- Freastal mar fháram do chomhairliúcháin agus díospóireachtaí ar ábhair coireachta agus póilíneachta taobh istigh de cheantar riaracháin an Údaráis Áitiúla.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéil, patrúin coireachta agus aon ghnéithe bunúsacha.
- Fóram Póilíneachta áitiúla a bhunú/a chomhordú.
- Bualadh le chéile ar bhonn ráithe.
- Cruinniú Poiblí bhliantiúil a thionól.

Páirtíocht agus Freagrachtaí
Tá a dhearcadh agus ionchuir ar leith féin ag gach duine de na páirtithe a bhfuil baint acu le CP le tabhairt, chomh maith lena chuid freagrachtaí féin chun a chinntiú go bhfuil riachtanais an tsochaí comhlíonta go héifeachtach chun pobail slán sábháilte a choinneáil.

Ionchur ón nGarda
Tá An Garda Síochána tiomanta do pháirtíocht iomlán in oibriú na CP agus rachaidh muid i dteagmháil le grúpaí leasamhara chun forbairt seirbhís phóilíneachta a chinntiú, rud a chomhlíonann riachtanais agus éilimh an phobail.

Ábhair le plé ag Comhchoistí Póilíneachta
Féadfar aon ábhar a bhaineann le feidhmeanna CP a phlé. Caithfear eolas a bheith curtha san áireamh mar gheall ar na hábhair seo a leanas atá leagtha amach san Acht.

“ábhair a bhaineann le himscrúdú coiriúil ar leith nó le hion-chúiseamh nó le hábhair a bhaineann le slándáil an Stáit”
(Alt 36(4), Acht an Gharda Síochana 2005)

Ní fhéadfaidh CP aon ábhar a phlé a d’fhéadfadh:
- Slándáil an duine a chur i mbaol.
- Baint a bheith aige le duine aonair.
- Eolas atá fachta faoi rún a nochtadh.
- Dochar a dhéanamh do chosc ar choireacht/brath.
- Dochar a dhéanamh d’oibríocht Gharda.

Oifig Mhonatóireachta Náisiúnta an Gharda Síochána ar na Comhchoistí Póilíneachta
Tá an oifig seo mar chuid de Rannóg Chaidrimh Pobail agus Póilíniú Pobail, atá lonnaithe ag Cearnóg Fhearchair. Is iad a chuid freidhmeanna ná an méid seo a leanas:

- Forbairt polasaí a chomhordú agus comhairle a chur air.
- Eolas agus bileoga eolais a chur ar fail.
- Bunachar sonraí ar shonraí theagmhála agus eolas a bhainistiú.
- Cruinnuithe agus seimineáir a eagrú.
- Freastal ar chruinnuithe CP agus fora eile comhliúcháin
- Monatóireacht a dhéanamh ar an eolas atá ar fáil agus athbhreithniú a dhéanamh air.
- Dul i dteagmháil le seirbhísí eile póilíneachta agus gníomhaire chun sár-chleachtais a bhunú.

Oifig Mhonatóireachta Náisiúnta an Gharda Síochána ar na Comhchoistí Póilíneachta
Caidreamh Pobail agus Póilíniú Pobail
Cearnóg Fhearchair, Baile átha Cliath 2

www.garda.ie